# MOLTAÍ

## MOLADH (AE) 2022/495 ÓN gCOIMISIÚN

## an 25 Márta 2022

## maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreacht fúráin agus ailciolfúrán i mbia

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é atá i bhfúrán agus ailciolfúráin, lena n-áirítear meitiolfúráin amhail 2-meitiolfúrán, 3-meitiolfúrán agus 2,5-démheitiolfúrán, éilleáin phróisis a fhoirmítear i mbianna le linn na próiseála teirmí.

(2) Ghlac Painéal an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra tuairim eolaíoch in 2017 maidir leis na rioscaí a bhaineann le láithreacht fúráin agus meitiolfúrán i mbia don tsláinte phoiblí ([1]). Is é an chonclúid ar ar thángthas go léiríonn na leibhéil reatha nochta d'fhúrán gur ábhar imní don tsláinte é. Maidir le meitiolfúráin, is é an chonclúid ar ar tháinig an tuairim go bhféadfaidís cur go suntasach leis an nochtadh iomlán d'fhúrán agus d'ailciolfúráin agus, dá bhrí sin, go méadófaí an t-ábhar imní sláinte. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil sonraí ann maidir le láithreacht meitiolfúrán i mbia, mhol EFSA sonraí breise a tháirgeadh sa réimse seo. Go háirithe, tuairiscíodh go mbíonn fúrán agus ailciolfúráin i gcaife, i mbia do naíonáin i gcrúca, anraith réidh le hithe, criospaí bunaithe ar phrátaí, i súnna torthaí, i ngránaigh bhricfeasta, i mbrioscaí, i gcraicir agus in arán briosc.

(3) Is féidir 2-meitiolfúrán agus 3-meitiolfúrán a chainníochtú go hiontaofa leis na modhanna anailíse atá ar fáil faoi láthair, ach tá tuilleadh oibre de dhíth chun anailís iontaofa a dhéanamh ar 2,5-démheitiolúrán. Mar sin féin, más féidir é a dhéanamh leis an modh anailíse atá in úsáid, bheadh sé iomchuí 2,5-démheitiolfúrán a anailísiú agus a chainníochtú agus na sonraí a thuairisciú.

(4) Ina theannta sin, léirigh an litríocht eolaíoch le déanaí go bhfuil éilleáin bhia ann a bhaineann le hailciolfúráin seachas meitiolfúráin, amhail 2-peintealfúrán agus 2-eitealfúrán. Dá bhrí sin, bheadh sé iomchuí ailciolfúráin bhreise (neamhmheitiolfúráin) den sórt sin a anailísiú agus a chainníochtú, ar choinníoll go bhfuil an modh anailíse iontaofa chun na críche sin.

(5) Torthaí an fhaireacháin ar fhúrán agus ar ailciolfúráin, ní mór iad a bheith iontaofa agus inchomparáide. Dá bhrí sin, is iomchuí treoracha a thabhairt maidir le critéir na samplála agus na feidhmíochta anailísí.

(6) Tá sainordú ag EFSA ón gCoimisiún Eorpach na sonraí go léir atá ar fáil a bhailiú maidir le héilleáin cheimiceacha a bheith i mbia agus i mbeatha. Úsáidtear na sonraí sin i dtuairimí eolaíocha EFSA agus i dtuarascálacha ar éilleáin i mbia agus i mbeatha.

(7) Dá bhrí sin, is iomchuí a mholadh go ndéanfaí faireachán ar fhúrán agus ar ailciolfúráin i mbia agus go ndéanfaí na sonraí a thuairisciú do EFSA.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

1. Ba cheart do na Ballstáit, le rannpháirtíocht ghníomhach na n-oibreoirí gnó bia, faireachán a dhéanamh ar fhúrán, ar 2-meitiolfúrán agus ar 3-meitiolfúrán i mbia, go háirithe i gcaife, i mbia do naíonáin i gcrúsca (lena n-áirítear bia do naíonáin i gcoimeádáin, i bhfeadáin agus i bpúitsí), anraith réidh le hithe, criospaí bunaithe ar phrátaí, súnna torthaí, gránaigh bhricfeasta, brioscaí, craicir agus arán briosc.

([1]) Painéal CONTAM EFSA (Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra), 'Scientific opinion on the risks for public health related to the presence of furan and methylfurans in food' [Tuairim eolaíoch maidir leis na rioscaí do shláinte an phobail a bhaineann le láithreacht fúráin agus meitiolfúrán sa bhia]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2017;15(10):5005, 142 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.5005

2. Chun a áirithiú go bhfuil na samplaí ionadaíoch, ba cheart do na Ballstáit na nósanna imeachta samplála atá leagtha síos i gcuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún a leanúint ([2]). Ba cheart d'oibreoirí gnólachtaí bia an nós imeachta samplála sin nó nós imeachta samplála coibhéiseach a chur i bhfeidhm freisin, á áirithiú go bhfuil an sampla ionadaíoch.

3. D'fhonn anailís a dhéanamh ar fhúrán, 2-meitiolfúrán agus 3-meitiolfúrán i gcaife agus i mbia do naíonáin i gcrúsca, ba chóir do Bhallstáit agus d'oibreoirí gnó bia modh a úsáid a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

| **Paraiméadar** | **Critéar** |
|---|---|
| Sainiúlacht | Saor ó thrasnaíochtaí maitríse nó trasnaíochtaí speictreacha |
| Crotáin allamuigh | Níos lú ná an teorainn braite (LOD) |
| In-atriallacht (RSDr) | 0,66 uair RSDR mar a díorthaíodh ó chothromóid (athraithe) Horwitz |
| In-atáirgtheacht (RSDR) | Mar a díorthaíodh ó chothromóid (mhodhnaithe) Horwitz |
| Téarnamh | 80 – 110 % |
| Teorainn braite (LOD) | = Trí dheichiú de LOQ |
| Teorainn cainníochtaithe (LOQ) | Maidir le caife: nach mó ná 20 μg/kg<br>Maidir le bia do naíonáin i gcrúsca: 5 μg/kg |

Chun anailís a dhéanamh ar fhúrán i mbianna seachas caife agus bia do naíonáin i gcrúsca, ba cheart do na Ballstáit agus d'oibreoirí gnó bia modh a úsáid a chomhlíonann na critéir sin agus níor cheart teorainn an chainníochtaithe (LOQ) a bheith níos airde ná 5 μg/kg.

Chun anailís a dhéanamh ar 2-meitiolfúrán agus 3-meitiolfúrán i mbianna seachas caife agus bia do naíonáin i gcrúsca, ba cheart nósanna imeachta um rialú cáilíochta a bheith i bhfeidhm ag saotharlanna chun iontaofacht na dtorthaí anailíseacha a fhaightear a áirithiú sa chás nach mbeadh an LOQ níos airde ná 5 μg/kg.

4. Más féidir ailciolfúráin seachas 2-meitiolfúrán agus 3-meitiolfúrán a chinneadh leis an modh anailíse atá in úsáid, ba cheart do na Ballstáit agus d'oibreoirí gnó bia na hailciolfúráin sin a chinneadh.

5. Ba cheart do na Ballstáit agus d'oibreoirí gnó bia na torthaí faireacháin a sholáthar do EFSA faoin 30 Meitheamh gach bliain, i gcomhréir le ceanglais na Tuairisce Caighdeánaí ar Shamplaí (SSD) ó EFSA le haghaidh Bia agus Beatha agus le ceanglais tuairiscithe shonracha bhreise ó EFSA ([3]).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún an 28 Márta 2007 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse le haghaidh rialú oifigiúil ar leibhéil luaidhe, caidmiam, mearcair, stáin neamhorgánigh, 3-MCPD agus beinsi(a)piréin in earraí bia (IO L 88, 29.3.2007, lch. 29).

([3]) https://www.efsa.europa.eu/en/call/call-continuous-collection-chemical-contaminants-occurrence-data-0